An Bord Pleanála

# Plean Straitéiseach 2018 - 2023

Leathnaithe go dtí deireadh 2024.

## I mbun Pleanála don Am atá le Teacht



# Fáilte

## A dTeastaíonn Uainn a Bhaint Amach sa Phlean Straitéiseach seo

Cuireann Plean Straitéiseach an Bhoird Pleanála 2018-23 creat ar fáil mar threoir don eagraíocht sna chéad chúig bliana eile, creat a athneartóidh an cháil atá orainn mar eagraíocht iontaofa neamhchlaonta, a chomhlíonann na caighdeáin is airde i dtaca le cinnteoireacht thráthúil agus seirbhís don phobal. Leagtar amach ann, leis, an tslí a ndéanfaimid lucht saothair ardfheidhmíochta solúbtha a thacú agus a fhorbairt chun obair thábhachtach an Bhoird Pleanála a chur i gcrích.

# 1. Réamhrá

Le breis is 40 bliain, bhí príomhról ag an mBord Pleanála i gcóras pleanála na hÉireann; ba é a rinne achomhairc agus iarratais phleanála a chinneadh go neamhspleách ar shlí chothrom chóir thráthúil. Rinne an Bord Pleanála gach iarracht sa tréimhse sin chun seasamh le prionsabail na dea-phleanála agus le déanaí le prionsabail na forbartha inbhuanaithe atá mar bhonn le cothromaíocht idir an timpeallacht nádúrtha agus an timpeallacht thógtha. Sheas sé le prionsabail an ionracais, an neamhspleáchais agus na cothrome atá ina gcomharthaí sóirt den eagraíocht agus a léirítear ina luachanna.

Tá ról an Bhoird Pleanála tar éis fás agus forbairt ó eagraíocht achomhairc a chinn achomhairc in aghaidh chinntí an údaráis phleanála go heagraíocht cinnteoireachta sa chéad áit d’fhorbairtí bonneagair straitéisigh agus tithíochta straitéisí. Cuireadh raon feidhmeanna eile le sainordú an Bhoird agus is dóichí ná a mhalairt go mbronnfar feidhmeanna nua eile ar an mBord amach anseo maidir le hurthránna agus an timpeallacht mhuirí.

In imeacht na mblianta, tá athrú mór tagtha ar an timpeallacht dhlíthiúil agus reachtach de réir mar a mhéadaíonn tábhacht na timpeallachta nádúrtha i gcinntí pleanála, i ngeall go príomha ar thionchar an AE agus a threoracha comhshaoil.

Ní comhlacht déanta beartais é an Bord Pleanála. Is é ról an Bhoird, atá leagtha amach go daingean sa reacht, cinntí pleanála a dhéanamh ar aon dul le beartas agus reachtaíocht an rialtais agus an Aontais Eorpaigh, ag féachaint do raon pleananna agus beartas sonraithe agus doiciméad treorach. De bhrí gur féidir dúshlán a chur faoi chinntí an Bhoird trí athbhreithniú breithiúnach a thionscnamh sna cúirteanna, tá corpas casdlí ar fáil a gcaithfear féachaint dó. Bíodh sin mar atá, féachtar ar chinntí an Bhoird mar chinntí réamhshamplacha agus ní mór d’údaráis phleanála agus údaráis eile féachaint dóibh go cuí.

Is é an Bord Pleanala a rinne soláthar an bhonneagair nua-aimseartha in Éirinn a mhaoirsiú. Bhí líonra na mótarbhealaí, bóithre náisiúnta agus réigiúnacha, saoráidí uisce agus fuíolluisce, fuinneamh agus cuideachtaí teileachumarsáide, agus bonneagar sláinte agus oideachais go léir mar ábhar le cinntí an Bhoird Pleanála, a fhágann gur eagraíocht é a dhéanann difear do shaol laethúil ár saoránach uile, nach mór. Chun déileáil leis seo, tá raon leathan scileanna agus saineolais forbartha ag an mBord Pleanála chun díriú ar na disciplíní éagsúla atá i gceist ina phunann cúraimí.

Is é an Bord Pleanala a rinne soláthar an bhonneagair nua-aimseartha in Éirinn a mhaoirsiú... a fhágann gur eagraíocht é a dhéanann difear do shaol laethúil ár saoránach uile, nach mór.

Dála na n-eagraíochtaí ar fad a thugann seirbhís don phobal, b’éigean don Bhord Pleanala é féin a oiriúnú d’athruithe sa tsochaí, d’ionchais custaiméirí agus do mhodhanna nua oibre. Is é atá fúinn a dhéanamh sa Phlean Straitéiseach seo leanúint ar aghaidh mar eagraíocht atá ag foghlaim, i mbun cumarsáide trí chainéil na linne seo ach gan an teagmháil phearsanta le custaiméirí a chailliúint. Táimid tar éis tabhairt faoi straitéis chlaochlaitheach TFC a chuirfidh ar ár gcumas ár ngnó a dhéanamh trí chomhaid dhigiteacha in áit an chórais páipéir atá againn faoi láthair, agus trína mbeidh deis ag custaiméirí iarratais agus achomhairc a chur isteach ar líne. Is é nádúr an tionscadail seo gur gá athruithe a dhéanamh ar phróisis oibre na foirne uile agus chomhaltaí an Bhoird Phleanála agus is mór againn an t-ionchur agus an comhar a fuarthas uathu maidir leis an tionscadal seo. Cuirfear an tionscadal TFC i gcrích le linn thréimhse an Phlean Straitéisigh seo.

Tá an Plean Straitéiseach nua, 2018-2023, á fhoilsiú tráth a bhfuil Éire ag teacht chuici féin arís tar éis tréimhse dheacair mheathlaithe

a tháinig sna sála ar an bhfás as cuimse a tharla le linn thréimhse an Tíogair Cheiltigh. Tá deiseanna ag teacht chun cinn anois chun an geilleagar a mhéadú agus bonneagar a fhorbairt, rud a gcuirtear fáilte roimhe, ach tá dúshlán nach beag ag teacht chun cinn, leis, lena n-áirítear an ghéarchéim reatha tithíochta, méadú ar easpa dídine agus éiginnteacht faoin tionchar a bheidh ag an mBreatimeacht ar gheilleagar na hÉireann.

Tá straitéis nua náisiúnta spásúil – an Creat Náisiúnta Pleanála – aontaithe agus foilsithe ag an Rialtas, mar aon le plean náisiúnta forbartha deich mbliana faoi scáth amháin dar teideal Tionscadal Éireann 2040. Tugann na pleananna seo méid áirithe cinnteachta agus, rud atá díreach chomh tábhachtach, cistiú chun bonneagar agus tithíocht a chur ar fáil, láithreacha uirbeacha a chomhdhlúthú, ceantair thuaithe agus ceantair eile a fhorbairt. Is é Tionscadal 2040 an príomhphlean ar a mbunóidh an Bord Pleanála a chinnteoireacht le linn thréimhse an Phlean Straitéisigh seo.

Laistigh de chomhthéacs shainordú an Bhoird Pleanála, beidh ár bPlean ar aon dul le spriocanna straitéiseacha na Roinne Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, agus cuirfear béim ar leith ar fhéachaint chuige go bhfeicfear forbairt inbhuanaithe chothromaithe, soláthar tithíochta ar ardchaighdeán agus comhlíonadh beartais agus spriocanna an Rialtais mar thoradh ar an bpleanáil agus ar an tógáil.

Cuireadh an Plean Straitéiseach seo i dtoll a chéile ar shlí chomhoibritheach, agus bhí gach ball agus comhalta den Bhord Pleanála páirteach sa chomhairliúchán leis na geallsealbhóirí éagsúla. Bhí an comhairliúchán bunaithe, leis, ar athbhreithniú seachtrach ar an eagraíocht a choimisiúnaigh an t-iarAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus tá mórchuid de na moltaí ba mhó curtha san áireamh.


Beidh ardleibhéal tiomantais ó chách de dhíth chun na moltaí a chur i bhfeidhm. Táim cinnte go mbeidh an tiomantas seo ar fáil agus go bhfeicfear Bord Pleanála dea-eagraithe, éifeachtach, críochnúil agus oiriúnach don fheidhm mar thoradh ar an bplean seo, agus go leanfaidh an Bord dá luachanna maidir le hionracas, neamhspleáchas agus cothromaíocht a bhuanú de réir mar a dhéanann sé a chion chun sochaí ina léirítear meas ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe a bhaint amach.

Go bhfeicfear Bord Pleanála dea-eagraithe, éifeachtach, críochnúil agus oiriúnach don fheidhm mar thoradh ar an bplean seo, agus go leanfaidh an Bord dá luachanna maidir le hionracas, neamhspleáchas agus cothromaíocht.

An Dr Mary Kelly, Cathaoirleach
An Bord Pleanála

# 2. Cé Muid Féin

Tá ról ríthábhachtach ag an mBord Pleanála i gcóras pleanála na hÉireann; cinneann sé achomhairc ar chinntí pleanála a dhéanann údaráis áitiúla agus iarratais dhíreacha ar mórfhorbairtí tithíochta, bonneagar agus catagóirí eile forbartha.



Is é ár ról measúnuithe neamhspleácha a dhéanamh ar chásanna agus cinntí a dhéanamh dá éis trína léirítear meas ar phrionsabail na dea-phleanála agus na forbartha inbhuanaithe ar shlí chothrom thráthúil.

Is iad na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000, leasaithe, a sholáthraíonn sainordú an Bhoird Phleanála le cinntiú go gcuirtear achomhairc, iarratais agus tarchuir de láimh a luaithe is féidir. Déantar cinntí pleanála ar aon dul le beartas agus reachtaíocht an rialtais agus an Aontais Eorpaigh, ag féachaint do raon pleananna agus beartas sonraithe agus doiciméad treorach. Anuas ar sin, ceanglaíonn an reachtaíocht ar an mBord Pleanála, agus a fheidhmeanna á chomhlíonadh aige, a bheith neamhspleách agus oibriú laistigh de chreat ginearálta an bheartais phoiblí ag an am céanna.

## Ár Sainordú

Bunaíodh an Bord Pleanála i 1977 faoin Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt), 1976 agus is air atá an cúram as achomhairc a chinneadh agus gnóthaí eile faoi na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt, 2000 go 2018 agus as iarratais dhíreacha ar fhorbairt bonneagair straitéisigh agus tithíochta a chinneadh. Tá cúram air, leis, as déileáil le tograí maidir le ceannach éigeantach talún a dhéanann údaráis áitiúla agus údaráis eile faoi na hachtacháin éagsúla. Is é an Bord Pleanála, leis, a chinneann achomhairc faoi na hAchtanna um Thruailliú Uisce agus Rialú Foirgníochta.

## Ár mBunchuspóir

Ár gcion a dhéanamh mar chomhlacht náisiúnta neamhspleách ar bhealach neamhchlaonta, éifeachtach agus oscailte le cinntiú go luífidh forbairt fhisiciúil agus tionscnaimh mhóra bhonneagair in Éirinn le prionsabail na forbartha inbhuanaithe, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil.

Agus a fheidhmeanna á gcomhlíonadh aige, oibríonn an Bord Pleanála laistigh de chreat reachtach a dhéanann comhéadan le reachtaíocht agus beartas an Aontais Eorpaigh, agus tá sé ag fabhrú i gcónaí go háirithe i réimsí na cosanta comhshaoil agus na forbartha inbhuanaithe.

Mar ghníomhaireacht Stáit, tá oibleagáidí áirithe ar an mBord Pleanála ó thaobh rannpháirtíocht i gcinnteoireacht sa chóras phleanála agus rochtain ar an gcinnteoireacht sin a chur chun cinn faoi Threoracha éagsúla an Aontais, Coinbhinsiún Aarhus, Saoráil Faisnéise, Rochtain ar Fhaisnéis ar an gComhshaol agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

# Ár Luachanna

Seo a leanas na príomhluachanna a threoraíonn an Bord Pleanála agus é ag féachaint lena shainordú agus a mhisean a chomhlíonadh:

| | |
|---|---|
| **Neamhspleáchas agus neamhchlaon** | Geallann an Bord Pleanála a neamhspleáchas ina fheidhmeanna cinnteoireachta a chaomhnú agus a chosaint agus cinntiú go mbíonn gach cinneadh a dhéanann sé bunaithe ar mheasúnú neamhchlaon den chás. |
| **Gairmiúlacht agus Ionracas** | Is mór ag an mBord saineolas gairmiúil, ionracas, tiomantas agus éiteas seirbhíse poiblí na gcomhaltaí agus na foirne. |
| **Rannpháirtíocht agus Trédhearcacht** | Geallann an Bord Pleanála an t-uasmhéid cuntasachta ina oibríochtaí ar aon dul le nádúr gar-bhreithiúnach a fheidhmeanna reachtúla agus cinntiú go gcuireann a nósanna imeachta ar chumas an phobail a bheith rannpháirteach go héifeachta sa chóras pleanála. |
| **Meas, Dínit, Cothromaíocht agus Cothroime** | Geallann an Bord Pleanála cultúr measa, dínite, cothromaíochta agus cothroime a chur chun cinn i ngach teagmháil a bhíonn aige leis an bpobal agus ina theagmháil leis an bhfoireann. |
| **Sárshheirbhís do Chustaiméirí agus Nuáil** | Tá an Bord Pleanála feasach ar an ngá atá le cinntiú go mbíonn an seirbhís do chustaiméirí ailínithe leis an méid a bhfuil súil leis agus dea-chleachtas agus geallann sé a bheith freagrúil agus oscailte do shlite nua chun soláthar na seirbhíse a fheabhsú. |

Tá dualgas earnála poiblí ar an mBord Pleanála, leis, féachaint chuige go gcuirtear prionsabail an Achta fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 i bhfeidhm agus cuireadh é sin san áireamh go hiomlán agus an plean straitéiseach nua seo á chur i dtoll a chéile.

# 3. Na Dúshláin a bheidh le Sárú ag an mBord Pleanála

## Comhthéacs agus Deiseanna

### An Geilleagar



Tá geilleagar na hÉireann tar éis téarnamh le roinnt blianta anuas as ar lean méadú ar fhoirgníocht agus ar fhorbairt agus ar na hiarratais agus achomhairc chuig an mBord Pleanála. Déanann dálaí sa gheilleagar difear d'ualach oibre an Bhoird Pleanála agus cé go bhfuil an dealramh air go leanfar den chor chun feabhais sa gheilleagar, tá éiginnteacht ann maidir le tionchar an Bhreatimeachta ar Éirinn agus ar an Aontas.

### An creat reachtach



Tá an creat pleanála ina n-oibríonn an Bord Pleanála casta go leor, go háirithe ó thaobh Treoracha an Aontais Eorpaigh a chur i ngníomh. Tá cásdlí ag teacht chun cinn ar leibhéal Eorpach agus ar leibhéal náisiúnta agus cuirtear dúshlán faoi chinntí áirithe den Bhord i gcónaí.

Tugadh feidhm nua maidir le tithíocht straitéiseach a chur ar fáil isteach faoi reachtaíocht a ritheadh le deireanas, rud a léiríonn cumas an Bhoird Pleanála príomhréimse de bheartas an rialtais agus den riachtanas ginearálta socheacnamaíoch a chomhlíonadh le cabhair ó chórais, nósanna imeachta agus cleachtais oibre nuálacha ónar féidir foghlaim san fhadtéarma.


Sna chéad bhlianta den Phlean Straitéiseach seo, tá reachtaíocht á achtú maidir le:

- Oifig an Rialálaí Pleanála a bhunú;
- bonn reachtach a chuir faoin gCreat Náisiúnta Pleanála;
- glacadh le hachomhairc, iarratais agus aighneachtaí eile a dhéanfaí ar líne;
- feidhmeanna nua áirithe agus roinnt feidhmeanna breise maidir le cinnteoireacht ar an mhuir agus ar an urthrá a aistriú chuig an mBord Pleanála;

Is dóichí ná a mhalairt go mbeidh feidhmeanna, róil (nó athruithe orthu) agus athruithe reachtacha eile le cur san áireamh laistigh de shaolré an Phlean Straitéisigh seo.

# Comhthéacs agus Deiseanna

## An Comhshaol




Tá méadú tagtha le blianta beaga anuas ar an aird a thugtar ar chúrsaí comhshaoil agus cinntí pleanála á ndéanamh, i ngeall, a mhór, ar thionchar an Aontais Eorpaigh agus a Threoracha Comhshaoil.  Príomh-mheasúnaithe anois is ea an Measúnú Tionchair Timpeallachta agus an Measúnú Oiriúnachta a chaithfear a dhéanamh i gcás mórchuid tionscadal mar a mheastar go bhféadfadh difear don timpeallacht a bheith i gceist.

Tá méadú suntasach tagtha le blianta beaga anuas ar líon na n-agóidí dlíthiúla in aghaidh chinntí faoin gcóras pleanála, go háirithe maidir le Treoracha Comhshaoil.

Anuas ar sin, tá Éire tar éis líon áirithe coinbhinsiún idirnáisiúnta a shíniú, ar chúrsaí comhshaoil agus ar rochtain an phobail ar chinnteoireacht maidir leis an gcomhshaol.

## Ionchais an Chustaiméara




Fuarthas amach sa chomhairliúchán poiblí agus an straitéis seo á cur i dtoll a chéile go bhfuil éileamh ag an bpobal ar sheirbhísí feabhsaithe digiteacha/ar líne.

Faoi réir reachtaíocht a ghlacadh, lainseálfaidh an Bord Pleanála raon seirbhísí ar líne in 2019. Tá suíomh gréasáin nua á fhorbairt, a chuirfidh tuilleadh eolais ar fáil maidir le conas is féidir le custaiméirí ó gach cearn den tír teacht a fháil ar sheirbhísí agus bheith páirteach sa chóras pleanála. Déanfar soláthar ar an suíomh nua d’úsáid na meán sóisialta agus d’uirlisí eile trína ndíreofar ar chumarsáid a dhéanamh le custaiméirí agus geallsealbhóirí agus freagairt d’éilimh uathu.

Príomhtháscaire feidhmíochta de chuid an Bhoird Pleanála is ea an ráta comhlíonta i gcás spriocthréimhsí reachtúla cinnteoireachta. Cé gur féidir brú a bheith ann chun cás a chinneadh laistigh de thréimhse níos giorra, is é an rud is tábhachtaí, i gcás formhór na bpáirtithe i gcás ar bith, a bheith cinnte faoin uair a dhéanfar an cinneadh. I bhformhór na gcásanna, is é 18 seachtaine sprioc an Bhoird Pleanála i gcónaí, agus tá tréimhsí difriúla ann do chatagóirí áirithe eile.

# Comhthéacs agus Deiseanna

## Ár nEagraíocht



Tá an cor chun feabhais sa gheilleagar ag cothú margadh fostaíochta níos iomaíche ionas gur féidir go mbeidh sé deacair baill foirne a mhealladh isteach san earnáil phoiblí agus iad a choimeád ann. Ó cuireadh deireadh leis an toirmeasc ar earcú cúpla bliain ó shin, tá líon suntasach ball foirne nua fostaithe ag an mBord Pleanála agus táthar ag dul i dtaithí ar líon foirne a bhíonn ag teacht agus ag imeacht níos minice ná mar a bhíodh.

Tá sé ríthábhachtach go mbeadh an saineolas, an t-eolas agus an cumas ceart ag baill foirne agus ag comhaltaí an Bhoird. Bíonn scileanna áirithe de dhíth ar an bhfoireann ionas gur féidir leo leas a bhaint as na nua-theicneolaíochtaí atá ann chun tacú le hobair an Bhoird agus le riachtanais an chustaiméara. Feicfear ardleibhéal feidhmíochta i measc na foirne má bhíonn plean struchtúrtha agus freagrúil ann don fhoireann.

Rud eile atá thar a bheith tábhachtach don Bhord ná dóthain comhaltaí a bheith ar an mBord i gcónaí agus líon dóthanach oifigeach gairmiúil, teicniúil agus riaracháin a bheith ar fáil. Beidh tábhacht as cuimse le leanúnachas agus pleanáil comharbais i gcur i ngníomh an Phlean Straitéisigh seo.

Tá cásanna inar theip ar rialachas corparáideach ina n-ábhar le plé poiblí ina n-iarrtar ar ghníomhaireachtaí míniú a thabhairt ar a gcuid faillí. Foilsíodh Cód nua Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú in 2016 agus treoróidh sé cúrsaí rialachais sa Bhord Pleanála.

# 4. Comhairliúcháin

## In 2017 a cuireadh an Plean Straitéiseach seo i dtoll a chéile i gcomhairle leis an mBord agus le foireann an Bhoird Pleanála. Mar chuid den obair sin, rinneamar athbhreithniú ar a bhfuil bainte amach againn go dtí seo, mheasamar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag an eagraíocht sna blianta romhainn, agus dhíríomar ar réimsí ina bhfuil gá le feabhas.

Chuathas i gcomhairle leis an bpobal trí aiseolas a iarraidh ar na dréachtspriocanna agus dréacht-thosaíochtaí a bhí beartaithe chun treo an Bhoird Phleanála a stiúradh. Fuarthas 47 freagra san iomlán ón bpobal ó raon eagraíochtaí agus daoine aonair a mbíonn teagmháil acu leis an mBord Pleanála.

Ba mhaith leis an mBord Pleanála a mbuíochas a ghabháil leo siúd ar fad a chaith am agus dúthracht ar aighneachtaí a cuireadh san áireamh agus an plean seo á réiteach.

Cuirtear san áireamh sa Phlean an tAthbhreithniú Eagraíochtúil a rinneadh ar an mBord Pleanála in 2016. Bhí comhairliúchán forleathan i gceist san athbhreithniú sin agus díríonn na tosaíochtaí sa phlean seo ar roinnt de na príomh-mholtaí a rinneadh.



# 5. Spriocanna agus Tosaíochtaí Straitéiseacha

Míneofar sa chuid seo den Phlean Straitéiseach na réimsí ar a ndíreoidh an Bord Pleanála aird agus acmhainní idir 2018 agus 2023 agus na torthaí a mheasfar a bheidh air sin. Ceithre sprioc ardleibhéal agus saintosaíochtaí atá mar chreat le pleananna oibre an Bhoird Pleanála sna chéad chúig bliana eile agus ina ndiaidh. Gheofar gníomhartha agus amlínte mionsonraithe i bPlean Gníomhaíochta a ghabhann leis, agus tá gníomhartha samplacha aibhsithe thíos.



# SPRIOC 1 An dea-cháil atá orainn as neamhspleáchas, neamhchlaontacht, iontaoibh, iomláine agus trédhearcacht a chosaint agus a bhreisiú

## Ár dtosaíochtaí chun an sprioc seo a bhaint amach:

a. Bheith san airdeall i gcónaí chun struchtúir agus próisis a thacaíonn le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas an chórais chinnteoireachta a chosaint.

b. Feabhsú a dhéanamh ar chumarsáid chun feasacht agus tuiscint ar an mBord Pleanála a athneartú.

c. Teagmháil níos iomláine a chothú le geallsealbhóirí ar aon dul leis an gcreat reachtach faoina bhfeidhmímid.

d. Rannpháirtíocht éifeachtach a chumasú agus trédhearcacht a chur chun cinn ag gach céim den phróiseas cinnteoireachta.

## Gníomhartha samplacha chun tosaíochtaí a bhaint amach:

Straitéis chumarsáide a chur i ngníomh, lena n-áirítear:

- Feasacht agus tuiscint ar an mBord Pleanála agus ar a sheirbhísí a chur chun cinn.
- Caighdeán Béarla simplí a bhaint amach i ngach ceann dár míreanna cumarsáide.
- An leibhéal for-rochtana agus teagmhála lenár bpáirtithe leasmhara uile a mhéadú.

Teacht ar an bpróiseas pleanála agus rannpháirtíocht ann a éascú, lena n-áirítear:

- Treoir theicniúil agus gach treoir eile dár seirbhísí a bhreisiú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar phróiseas na héisteachta ó bhéal agus ar phróisis eile trína mbailítear eolas agus trína n-éascaítear rannpháirtíocht an phobail.

## Toradh

Faoi 2023 beidh an dea-cháil atá ar an mBord Pleanála méaduithe tuilleadh againn agus beidh ardleibhéal iontaoibh, tuisceana agus rannpháirtíochta poiblí sa chóras pleanála.

# SPRIOC 2 Cinntí ardchaighdeáin urrúnta tráthúla, trédhearcacha a dhéanamh a thacaíonn le pleanáil chuí agus forbairt inbhuanaithe

## Ár dtosaíochtaí chun an sprioc seo a bhaint amach:

a. A chinntiú go bhfuil an struchtúr, an trealamh agus na scileanna cuí againn chun cinntí a dhéanamh go tráthúil de réir spriocthréimhsí reachtúla, agus bunaithe ar phrionsabail stuama dlí agus pleanála.

b. Cásanna a phróiseáil agus a chinneadh go comhsheasmhach tráthúil, ag díriú ar éifeachtúlachtaí agus líomhchóiriú próiseas.

c. Cuspóir atá leagtha amach don Bhord Pleanála i straitéisí agus beartais Rialtais lena n-áirítear Atógáil na hÉireann a bhaint amach. Plean Gníomhaíochta ar Thithíocht agus Easpa Dídine agus an Creat Náisiúnta Pleanála.

d. Tacú le próisis tuairiscithe agus cinnteoireachta trí bhreisiú a dhéanamh ar ár gcumas chun sonraí a anailísiú agus treochtaí a mheasúnú, nithe a d'fhéadfaí a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara lena mbaineann agus le haghaidh forbairt beartais ginearálta a dhéanfadh daoine eile.

## Gníomhartha samplacha chun tosaíochtaí a bhaint amach:

Cinntí a eisiúint go tráthúil, ag díriú ar:

- Córais nua TFC a úsáid (GIS agus Córas Bainistíochta Cásanna san áireamh) mar uirlis amháin chun éifeachtúlachtaí agus feabhsuithe próisis a thiomáint agus a thacú.
- Leanúint de phróisis líomhchóirithe a leathnú i gcás cásanna beaga chun éifeachtúlacht níos mó a bhaint amach.
- Líon na gcinntí a dhéantar laistigh den spriocthréimhse reachtúil a mhéadú ionas gurb é an formhór mór é, laistigh de thréimhse an Phlean seo.

- Spriocanna ama a chinneadh agus a chur in iúl go soiléir i gcás catagóirí de chásanna móra nó cásanna suntasacha i bhfianaise castacht nó cora eile a d’fhéadfadh difear a dhéanamh do na spriocanna ama sin.
- Feabhas a chur ar chumarsáid i gcoitinne maidir le spriocanna ama agus cinntiú go bhfógraítear go luath é má tá moill dhosheachanta ann de bharr fadhbanna teicniúla nó nós imeachta.

Féachaint chuige go ndéantar cinntí urrúnta eolacha agus go ndírítear ar:

- Córais dearbhaithe cáilíochta inmheánacha a bhreisiú i gcás tuarascálacha agus cinntí.
- Tacú lenár bpríomhfheidhmeanna le sonraí agus eolas a bhailítear trí chláir taighde, bailithe sonraí agus anailís.

## Toradh

Faoi 2023 beidh ár gcumas chun cinntí urrúnta cothroma neamhchlaon a dhéanamh go tráthúil éifeachtach ar chásanna, i gcomhréir le riachtanais reachtúla, coimeádta agus athneartaithe againn.

# SPRIOC 3 Ár seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú chun ionchais atá ag athrú a chomhlíonadh

## Ár dtosaíochtaí chun an sprioc seo a bhaint amach:

a. An úsáid a bhaintear as cainéil dhigiteacha do sheachadadh seirbhísí a bharrfheabhsú.

b. Seirbhís a chur ar fáil go náisiúnta, seirbhís atá insroichte agus éasca le húsáid ag an gcustaiméir.

c. Úsáid na gcóras agus na bpróiseas nua ICT a uasmhéadú chun tacú le hoibríochtaí gnó.

## Gníomhartha samplacha chun tosaíochtaí a bhaint amach:

Seirbhís lándigiteach a chur ar fáil le gur féidir achomhairc agus doiciméid eile a chur isteach ar líne, ag díriú ar:

- Suíomh gréasáin nua furasta a úsáid a lainseáil agus soláthar a dhéanamh chun na meáin shóisialta a úsáid feasta.
- Doiciméadú pleanála a chur ar fáil ar an suíomh gréasáin a mhéad is féidir.
- Fanacht ar an eolas faoi theicneolaíochtaí agus cleachtais atá ag teacht chun cinn a chuirfeadh ar an gcumas seirbhísí pleanála a sholáthar ar líne.

Seirbhís den scoth a chur ar fáil do chustaiméirí, ag díriú ar:

- Cúnamh duine le duine, fóin/ríomhphoist agus seirbhís do chustaiméirí a chur ar fáil de réir mar is gá.
- Cinntí pleanála a eisiúint ar shlí intuigthe le cúiseanna agus mínithe soiléire.
- Aiseolas ar leibhéil sástachta a bhailiú go rialta ó chustaiméirí.

## Toradh

Faoi 2023, beidh seirbhísí feabhsaithe freagrúla á gcur ar fáil againn, agus iad oiriúnaithe chun riachtanais éagsúla custaiméirí agus an phobail in Éirinn a chomhlíonadh.

# SPRIOC 4 Eagraíocht inspreagtha, athléimneach agus freagrúil a chothú.

## Ár dtosaíochtaí chun an sprioc seo a bhaint amach:

a. An eagraíocht a ailíniú le struchtúir chun spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

b. Timpeallacht oibre dhearfach, shábháilte, shláintiúil a chothú ina mbeidh bród ar dhaoine a bheith ag obair ann.

c. Féachaint chuige go mbíonn dóthain acmhainní ar fáil chun ár sainordú a chomhlíonadh.

d. Cumas agus scileanna ár mbaill a neartú trí mhéadú a dhéanamh ar raon na ndeiseanna foghlama agus forbartha chun feidhmíocht a chumasú agus dúshláin a bheidh ag teacht chun cinn a réiteach.

## Gníomhartha samplacha chun tosaíochtaí a bhaint amach:

Clár oiliúna, forbartha scileanna agus tacaíochtaí eile a chur i ngníomh, ag díriú ar:

- Cothromaíocht a bhaint amach idir saol na hoibre agus saol an teaghlaigh agus timpeallacht shláintiúil chairdiúil a bhaint amach ar bhealaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla.
- Clár forbartha bainistíochta a chur ar fáil trína ndíreofaí ar cheannaireacht, feidhmíocht agus bainistíocht ar athrú.
- Tacú le forbairt ghairmiúil trí fhorbairt leanúnach ghairmiúil agus modhanna ábhartha eile

Struchtúir agus acmhainní a chur i bhfeidhm chun tacú le hoibríochtaí, ag díriú ar:

- Deiseanna gluaisteachta inmheánacha agus seachtracha a chruthú don fhoireann (iasachtaí/ malartuithe, mar shampla) chun scileanna agus taithí bhreise a fháil le heagraíochtaí ábhartha.
- Aonad Forbartha Tacaíochta a bhunú chun tionscadail athraithe a bhainistiú agus comhoibriú a chur chun cinn.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an mbeartas earcaíochta chun éagsúlacht a chur chun cinn agus le cinntiú go gcomhlíontar treoirlínte an rialtais lárnaigh.


## Toradh

Faoi 2023, fostóir céadrogha a bheidh ionainn do bhaill foirne ardoilte cumasacha a bheidh ag obair in eagraíocht thacúil nuálach shláintiúil.

# Feidhmíocht agus Meastóireacht

Beidh plean gníomhaíochtaí ag gabháil le Plean Straitéiseach an Bhoird Pleanála 2018-2023, plean ina leagfar amach na gníomhartha a dhéanfar chun spriocanna agus tosaíochtaí a bhaint amach laistigh de thréimhsí sonraithe. Beidh an plean seo mar chuid de chlár oibre bliantúil an Bhoird Pleanála agus beidh na príomhghníomhaíochtaí san áireamh, leis, inár gComhaontú maidir le Comhlíonadh Feidhmíochta leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Déanfar dul chun cinn a mheasúnú i dtaca le clochmhílte agus cuspóirí an tionscadail agus tuairisceofar don Bhord iad le linn athbhreithniú bliantúil ar an bPlean Straitéiseach.



An
Bord
Pleanála

64 Sráid Maoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1
D01 V902

64 Marlborough Street,
Dublin 1
D01 V902

**Glao Áitiúil / Lo-call**
1890 275 175

**T** (01) 858 8100
**F** (01) 872 2684

bord@pleanala.ie

**www.pleanala.ie**

arna dhearadh ag CATALYSTO